



An tÚdarás Arachas Sláinte
The Health Insurance Authority

Leabhrán Faisnéise d'Iarrthóirí
Bainisteoir Samhaltú & Anailíse Sonraí –
Príomhoifigeach Cúnta

Dáta deiridh: 12 meán lae: an 20 Feabhra
2026

AN POST

Teideal an phoist: Bainisteoir Samhaltú & Anailíse Sonraí – Príomhoifigeach Cúnta

Seoladh oifige: Teach Beaux Lane, Sráid Mercer Íochtarach, Paróiste Pheadair, Baile Átha Cliath 2, D02 DH60

Suíomh gréasáin na heagraíochta: www.hia.ie

AN EAGRAÍOCHT

Is é an tÚdarás Árachas Sláinte (an “**tÚdarás**”) an rialálaí reachtúil don earnáil árachais sláinte in Éirinn. Tá príomhról ag an Údarás mar rialálaí neamhspleách, mar sholáthraí faisnéise do chustaiméirí, mar chomhairleoir don Aire Sláinte (“**an tAire**”) agus mar thaisceánach an Chiste Comhionannaithe Riosca um Árachas Sláinte. Is eagraíocht bheag, dhinimiciúil é an tÚdarás atá tiomanta do bheart de réir a bhriathair a dhéanamh maidir leis an bhfís atá aige do mhargadh árachais sláinte atá ag feidhmiú go maith agus atá follasach, ina dtuigeann tomhaltóirí a gcearta agus ina mbraitheann siad cumasaithe sna cinntí dá gcuid.

Is é ról an Údaráis chun rialáil a dhéanamh ar mhaithe le margadh atá ag feidhmiú go maith agus faisnéis agus uirlisí a chur ar fáil do chustaiméirí ionas gur féidir leo roghanna bunaithe ar eolas a dhéanamh. Tá cúig phríomhluach ag an Údarás lena spreagtar a chuid oibre:

- **Gairmiúlacht:** Cloíonn an tÚdarás leis na caighdeáin eiticiúla is airde agus iompraíonn sé é féin le hionracas, le cúram, agus le meas i ngach ceann dá ghníomhaíochtaí agus ina chuid oibre uile.
- **Sofhreagrúil:** Oibríonn an tÚdarás ar bhealach solúbtha, comhréireach, agus éifeachtúil lena fhoireann agus lena pháirtithe leasmhara d’fhonn na torthaí is fearr a chur ar fáil dá chustaiméirí.
- **Dírithe ar thomhaltóirí:** Tá tomhaltaí ag croílár obair an Údaráis, agus tugann sé tús áite do thomhaltóirí i ngach rud a dhéanann sé.
- **Barr feabhais:** Tá an tÚdarás dírithe ar na torthaí is fearr a sholáthar trí thionchar a chuid saineolais a threisiú agus trí chur chuige fianaisebhunaithe agus comhsheasmhach a ghlacadh maidir lena chuid oibre.
- **Neamhspleáchas:** Cuireann an tÚdarás a fheidhmeanna reachtúla i bhfeidhm ar bhealach neamhchlaonta, cóir agus follasach ar mhaithe le leas an phobail.

Rialachas

Is comhlacht poiblí é an tÚdarás, atá neamhspleách maidir lena fheidhmeanna reachtúla a chur i bhfeidhm. Chun críocha cuntasachta poiblí, oibríonn an tÚdarás faoi choimirce na Roinne Sláinte (“**an Roinn**”). Déantar an tÚdarás a rialú ag Bord ina gcuimsítear seachtar comhaltaí, agus ceapann an tAire iad.

Comhthéacs an Cheapacháin

Rinne an Bord an *Plean Straitéiseach do 2025-2028* de chuid an Údaráis a fhaomhadh le déanaí, agus tá na príomhthosaíochtaí a leanas san áireamh leis:

1 An Tomhaltóir Eolach

Déanfaidh an tÚdarás tomhaltóirí a chumhachtú roghanna bunaithe ar eolas a dhéanamh maidir lena bpleananna árachais sláinte, trí uirlisí sothuigte atá ar fáil go héasca chun tacú leo.

2 Margadh Árachais Sláinte atá ag Feidhmiú go Maith

Bainfidh an tÚdarás úsáid as a chumhachtaí rialála agus as a chuid saineolais chun margadh atá ag feidhmiú go maith a choimeád, agus aithnítear go bhfuil tionchar mór aige maidir le hárachas sláinte próbháideach.

3 Ár gCumas agus Ár nAcmhainn

Cinnteadh an tÚdarás go bhfuil sé seasmhach agus go bhfuil an cumas agus an acmhainn atá iomchuí aige chun ár bhfeidhmeanna reachtúla a chur i gcrích go héifeachtach, ar bhealach inbhuanaithe, agus ar chaighdeán arda rialachais chorpáidigh.

Tá faisnéis bhreise maidir leis an Údarás lena n-áirítear foilseacháin agus príomhdhoiciméid ar fáil ag www.hia.ie.

AN RÓL

D'fhéadfadh freagrachtaí i leith na nithe a leanas a bheith san áireamh leis na príomhdhualgais:

- Úinéireacht a ghlacadh ar rialachas sonraí agus dearbhú cáilíochta sonraí laistigh den Fheidhm Rialála agus Chomhlíontachta.
- Plean sonraí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun acmhainn agus cumas teicneolaíochta na heagraíochta a fheabhsú de réir phlean straitéiseach an Údaráis.
- Foinsiú, bailíochtú, agus anailís sonraí cuí ó na hárachóirí sláinte ábhartha agus ó fhoinsí eile a bhainistiú.
- Tuarascálacha a ullmhú agus a chur i láthair a thugann achoimre ar na conclúidí ón anailís thuas.
- Tuairisciú intleachta gnó ar thuairisceáin ó árachóirí agus ó fhoinsí sonraí eile a bhainistiú agus a fhorbairt.
- Anailís ad hoc a dhéanamh ar na sonraí atá ar fáil chun tacú le fiosrúcháin an lucht bainistíochta agus na Roinne Sláinte, taighde a dhéanamh ar bhearta beartais, agus an Scéim um Chomhionannú Riosca a chalabrú.
- Anailís a dhéanamh ar na sonraí atá ar fáil agus ar fhoinsí eolais eile chun tacú le tionscnaimh bheartais a chur i bhfeidhm agus a mholadh chun tacú le cuspóirí an Achta um Árachas Sláinte.
- Cabhrú leis an Scéim um Chomhionannú Riosca a fheidhmiú.
- Sonraí a thuairiscítear go minic a fheabhsú agus a bheachtú chun léargais eile a chur ar fáil
- Ionadaíocht a dhéanamh don Údarás le páirtithe seachtracha, mar is cuí.
- Cibé dualgais eile a chomhlíonadh a ordóidh an Bainisteoir Sinsearach nó an Príomhfheidhmeannach/Clárathóir.

Ní liosta cuimsitheach é an tSonraíocht Phoist thuas de na dualgais ar fad a ghabhann leis an bpost agus dá bharr sin, féadfaidh sealbhóir an phoist dualgais eile a chomhlíonadh de réir mar is cuí don phost, a shannfar dó nó di ó am go ham agus chun cur le forbairt an phoist agus HIA le linn a t(h)réimhse in oifig.

TAITHÍ AGUS CÁILÍOCHTAÍ PEARSANTA A THEASTAÍONN

An Duine

Agus é/í freagrach do Cheann Rialála agus Comhlíontachta, oibreoidh an t-iarrthóir rathúil mar bhall den fhoireann atá freagrach as sonraí agus anailís a chur ar fáil chun tacú le gach réimse den HIA. Ina theannta sin, tá an fhoireann Rialála agus Comhlíontachta freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcomhlachtaí árachais maidir le rialacháin agus comhairle bheartais agus moltaí a chur ar an bhFoireann Shinsearach Bhainistíochta, ar Bhord HIA agus ar an Roinn Sláinte, lena n-áirítear moltaí don Scéim um Chomhionannú Riosca a chalabrú.

Bunriachtanais

- Bunchéim onórach in eolaíocht achtúireach, eolaíocht sonraí, eolaíochtaí matamaitice, nó ábhar lena bhaineann a bheith aige/aici; neart taithí ábhartha; nó go leor dul chun cinn i scrúduithe achtúireacha do Chomhlachas.
- Taithí ar anailísí cainníochtúla a dhéanamh agus torthaí a chur in iúl do pháirtithe leasmhara éagsúla.
- Aon teanga nó níos mó a bhaineann le sonraí amhail SQL nó DAX a bheith ar a t(h)oil.
- A bheith in ann tuairiscí agus samhlacha séimeantaice Power BI a fhorbairt.
- Ar a laghad 5 bliana de thaithí oibre in anailís sonraí i gcomhlacht tráchtála, státseirbhíse nó poiblí a bheith aige/aici.
- A bheith in ann beartais eagraíochtúla maidir le rialachas sonraí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- A bheith in ann ualach oibre a eagrú agus a phleanáil, oibriú go neamhspleách agus spriocdhátaí dochta a bhaint amach.

Riachtanais Inmhianaithe

- Taithí ar TF nó ar thionscadail chlaochlaithe a bhaineann le sonraí.
- Taithí ar a bheith ag obair le córais bainistíochta bunachair sonraí amhail SQL Server, Oracle, Dataverse.
- In ann sreabhadh airgid nó samhaltú dliteanais a dhéanamh.
- Réamheolas ar an margadh árachais agus/nó ar árachas sláinte.

Tá na hinniúlachtaí don ról seo ar fáil in Aguisín 1.

Gearrliostú

Bainfear úsáid as beart gearrliostaithe agus incháilitheacht iarratas á measúnú. Déanfar iarratais incháilithe a ghearrliostú maidir le cé chomh maith agus atá an taithí agus na scileanna i gcur síos na n-iarratasóirí ag teacht le riachtanais an róil mar Bhainisteoir Samhaltú & Anailíse Sonraí – Príomhoifigeach Cúnta.

Beidh na critéir don bheart gearrliostaithe bunaithe ar an bhfaisnéis atá leagtha amach sa Leabhrán d'Iarrthóirí seo. Tá sé tábhachtach go gcuireann iarrthóirí an fhaisnéis sa Leabhrán d'Iarrthóirí seo san áireamh agus a gcuid cáilíochtaí ábhartha, scileanna agus taithí á gcur ar fáil ina n-iarratais.

Déanfar na hiarrthóirí a bhfuil a n-iarratais oiriúnach don phost ar an dóigh is fearr, i dtuairim an phainéil ghearrliostaithe, a ghearrliostú le haghaidh agallamh.

Agallamh

Tabharfar cuireadh d'iarrthóirí gearrliostaithe freastal ar agallamh ar bhonn inniúlachta.

Coimeádann an tÚdarás an ceart cuireadh a thabhairt d'iarrthóirí teacht chuig agallamh i ndara babhta agus chun dul faoi mheasúnú breise, lena n-áirítear úsáid measúnaithe shícméadraigh más gá.

Táthar ag súil go mbeidh an chéad bhabhta d'agallamh ar siúl i mí an Mhárta 2026.

COINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE

TIONACHT

Is post buan é an post. Déanfar an ceapachán ar bhonn buan mar sheirbhíseach poiblí, faoi réir ag críochnú sásúil na tréimhse phromhaidh atá sonraithe.

PROMHADH

Ní mór don iarrthóir rathúil tréimhse phromhaidh a chur isteach a mhairfidh sé mhí agus le linn na tréimhse sin déanfar feidhmíocht an iarrthóra a mheasúnú. D'fhéadfaí an tréimhse phromhaidh a shíneadh i gcúinsí eisceachtúla.

AN TUARASTAL AGUS SOCRUITHE ÍOCAÍOCHTA

Tá an scála tuarastail don phost (rátaí i bhfeidhm ón 1 Lúnasa 2025) ar leibhéal an Phríomhoifigigh Chúnta (RPP) mar a leanas:

€82,290, €85,320, €88,393, €91,475, €94,553, €96,329, €99,433¹, €102,550²

D'fhéadfadh incrimintí fadseirbhíse a bheith iníoctha tar éis 3 bliana (IFS-1) agus 6 bliana (IFS-2) de sheirbhís shásúil ar uasráta an scála.

Nóta Tábhachtach

Beidh iontráil ar leibhéal íosta an scála agus ní bheidh ráta na híocaíochta faoi réir ag idirbheartaíocht agus d'fhéadfaí é a choigeartú ó am go ham ar aon dul le beartas pá an rialtais.

D'fhéadfadh pá éagsúil agus coinníollacha éagsúla a bheith infheidhme más é an cás, go díreach roimh an gceapachán, go bhfuil an t-iarrthóir rathúil ina státseirbhíseach nó ina s(h)eirbhíseach poiblí cheana féin. D'fhéadfaí ráta na híocaíochta a choigeartú ó am go ham ar aon dul le beartas pá an rialtais.

Déanfar íocaíocht gach mí i riaráiste trí ríomhaistriú airgid (RAA) i gcuntas bainc de rogha an bhaill foirne. Ní féidir íocaíocht a dhéanamh go dtí go gcuirtear uimhir cuntais bainc agus cód sórtála bainc ar fáil don Údarás. Déanfar asbhaintí reachtúla ón tuarastal de réir mar is iomchuí.

Aontóidh ball foirne a cheaptar don phost mar Phríomhoifigeach Cúnta gur féidir aon ró-íocaíocht tuarastail nó costas taistil agus cothaithe a asbhaint as íocaíochtaí tuarastail sa todhchaí atá dlite i gcomhréir leis an Acht um Íoc Pá 1991. Cuirfear a leithéid de ró-íocaíocht in iúl don bhall foirne i gcomhréir le nósanna imeachta inmheánacha comhaontaithe.

LÁTHAIR

Tá an ról lonnaithe in oifig an Údaráis ag Teach Beaux Lane, Sráid Mercer Íochtarach, Paróiste Pheadair, Baile Átha Cliath 2. Coimeádann an tÚdarás an ceart, de réir a rogha féin, an láthair phríomhúil a athrú go háit ar bith eile in Éirinn.

Cuireann an tÚdarás uaireanta oibre solúbtha ar fáil, agus tá treoirlinnte maidir le hObair Chumaisc i bhfeidhm againn lena ligfear d'fhostaithe iarratas a dhéanamh ar Obair Chumaisc (meascán d'obair san oifig agus de chianobair). Tá roinnt tacaíochtaí nach beag curtha i bhfeidhm ag an Údarás chun eispéireas na cianoibre a dhéanamh chomh saoráideach agus is féidir. Tá bonneagar TF nua-aimseartha ag an Údarás chun cuidiú le comhghleacaithe comhoibriú go fíorúil, cuireann sé an trealamh ar fáil do chomhghleacaithe a dteastóidh uathu agus chuir sé bealaí oibre nua i bhfeidhm leis d'fhonn na daoine dá chuid a choinneáil nasctha.

OILIÚINT BHUNRIACHTANACH

Beidh ar an sealbhóir poist dul faoin oiliúint bhunriachtanach a leanas maidir le comhlíontacht:

- Ionduchtúchán HIA
- Sláinte & Sábháilteacht
- Cosaint Sonraí (RGCS)
- Feasacht ar Chibearshlándáil
- Litearthacht um IS Giniúnach
- Deimhniú APA (Comhairle maidir le Táirgí Árachais) (CIP-01[Deimhniú um Chleachtadh Árachais], CIP-02 & CIP-05)

SEACHTAIN OIBRE

Socróidh an tÚdarás na huaireanta freastail ag an obair ó am go ham agus beidh 35 uair an chloig ghlana iontu in aghaidh na seachtaine. Is iad na gnáthuaireanta oibre a bheidh ann ná 9.00 r.n. go 5.00 i.n. agus beidh 30 nóiméad ar a laghad ann don lón. Tá scéim uaireanta solúbtha i bhfeidhm ag an Údarás. Beidh ort a leithéid d'uaireanta breise a oibriú ó am go ham agus a d'fhéadfadh a bheith réasúnta agus riachtanach chun do chuid dualgas a chur i bhfeidhm go ceart faoi réir ag na teorainneacha atá leagtha síos sna rialacháin um am oibre. Sa ráta íocaíochta iníoctha clúdaítear dliteanas freastail bhreise ar bith a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó am go ham.

Beidh téarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre 1997 infheidhme, nuair is iomchuí, maidir leis an gceapachán seo.

SAOIRE BHLIANTÚIL

Is é an liúntas saoire bliantúla don phost seo ná 30 lá oibre in aghaidh na bliana (ar bhonn pro rata) a bheidh le glacadh ag am nó ag amanna atá feiliúnach don Údarás.

SAOIRE BHREOITEACHTA

D'fhéadfaí íocaíocht a dhéanamh as tréimhse neamhláithreachta mar thoradh ar bhreiteacht, le linn neamhláithreachta bhreiteachta atá deimhnithe, ar an gcoinníoll nach bhfuil fianaise ar bith ann ar mhíchumas buan le haghaidh seirbhíse, i gcomhréir le forálacha scéim saoire breiteachta an Údarás. Tá na socruithe saoire breiteachta sin faoi réir ag athruithe ar bith a thiocthadh chun cinn i dtéarmaí agus coinníollacha na saoire breiteachta maidir leis an tseirbhís phoiblí i gcoitinne.

AOISLIÚNTAS

Éireoidh an t-iarrthóir rathúil, ar cheapachán, ina b(h)all den scéim pinsin iomchuí. Cuirfear ballraíocht i scéim pinsin in iúl laistigh den chonradh fostaíochta.

Cuirtear na téarmaí agus coinníollacha aoisliúntais cuí ar fáil don iarrthóir rathúil atá i bhfeidhm san Údarás Árachas Sláinte, ag an am go dtairgtear an ceapadh dó nó di. Go ginearálta, cuirfear ceapadh ar fáil do cheapaí nár oibrigh sa tSeirbhís Phoiblí go fóill bunaithe ar bhallraíocht de Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair"). Tá sonraí iomlána na Scéime ar fáil ag www.singlescheme.gov.ie

I gcás gur oibrigh an ceapáí i bpost seirbhíse poiblí inphinsin (nach bhfuil sa Scéim Aonair) 26 seachtain sular ceapadh é nó í, nó má tá sé nó sí ar shos gairme nó ar saoire speisialta/gan phá, féadfaidh téarmaí eile a bheith i gceist leis sin. Bunófar teidlíocht phinsin ceapaithe mar sin i gcomhthéacs a staire seirbhíse poiblí.

Incháilitheacht dul san lomaíocht

Incháilitheacht dul san lomaíocht agus Sriantha Áirithe ar Incháilitheacht. Ní foláir nó go mbaineann na nithe a leanas le hiarrthóirí incháilithe: (a) Saoránach de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Tá an LEE comhdhéanta de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó (b) Saoránach de chuid na Ríochta Aontaithe (RA); nó (c) Saoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó (d) Saoránach neamh-LEE atá ina c(h)éile nó ina leanbh Shaoránach de chuid an LEE nó an RA nó na hEilvéise agus a bhfuil víosa Stampa 4 nó Stampa 5 aige/aici.

Dearbhú

Beidh ar iarratasóirí a dhearbhú cé acu ar bhain nó nár bhain siad leas as scéim luathscoir dhreasaithe de chuid na seirbhíse poiblí nó as an gcomhaontú comhchoiteann atá sonraithe thuas nó as an dá rud araon. Iarrfar ar iarratasóirí freisin teidlíochtaí ar bith a dhearbhú maidir le sochar pinsin na Seirbhíse Poiblí (atá á n-íoc nó coinnithe) ó fhostaíocht eile ar bith sa tSeirbhís Phoiblí agus nuair a fuair siad íocaíocht in ionad maidir le seirbhís i bhfostaíocht ar bith na Seirbhíse Poiblí.

COINNÍOLLACHA FOSTAÍOCHTA EILE

Déanfar faisnéis bhreise maidir le coinníollacha fostaíochta a shonrú sa chonradh fostaíochta don iarrthóir rathúil.

CONAS IARRATAS A DHÉANAMH

Ba cheart iarratais a chur isteach le ríomhphost roimh an spriocdháta chuig cam@hia.ie. Ba cheart d'iarthóirí foirm iarratais chomhlánaithe a chur isteach (atá ar fáil ag hia.ie) ina sonraítear a n-oiriúnacht don phost.

Ba cheart an fhoirm iarratais a sheoladh trí ríomhphost i bhformáid Word nó pdf.

Ní mór na nithe a leanas a bheith san áireamh le hiarratais a chuirtear isteach le ríomhphost, roimh an spriocdháta:

- 1 Agus d'iarratas á ullmhú agat, déan machnamh ar na critéir bhunriachtanacha agus inmhiannaithe don phost seo atá sonraithe sa Leabhrán d'iarthóirí.
- 2 Ba cheart ceistanna ar bith a sheoladh chuig Catherine O'Reilly cam@hia.ie

Dáta Deiridh

Spriocdháta le haghaidh an iarratais: 12pm (Meán lae) Dé hAoine an 20 Feabhra 2026

Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta dheiridh.

Tabhair faoi deara go bhféadfaí agallaimh a réachtáil go cianda agus bogearraí Físchomhdhála á n-úsáid.

Inniúlachtaí

Féach thíos na hinniúlachtaí a mheasúnófar ag céim an agallaimh don chomórtas seo. Chun tuilleadh eolais a fháil ar na hinniúlachtaí a liostaítear in Aguisín 1 den Leabhrán d'iarthóirí.

SEICEÁLACHA TEISTIMÉIREACHTAÍ

Tabhair faoi deara go mbeidh tairiscint fostaíochta ar bith a dhéanfar don iarthóir rathúil faoi réir ag deimhniú sásúil teistiméireachtaí, ag seiceálacha réamhfhostaíochta agus ag deimhniú sásúil cáilíochtaí acadúla agus gairmiúla.

RÚNDACHT

Tabharfar meas ar rúndacht i leith iarthóirí ag gach céim den phróiseas earcaíochta. Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara, áfach, go gcuirfear ábhar uile an iarratais ar fáil dóibh siúd a bhfuil freagracht dhíreach acu as an bpróiseas earcaíochta laistigh den Údarás.

COMHLÍONTACHT DHLÍTHIÚIL

Tá an tÚdarás tiomanta don reachtaíocht ábhartha uile a chomhlíonadh thar chúrsa an fheachtais earcaíochta seo, lena n-áirítear na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015, an tAcht um Chosaint Sonraí 2018, agus na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997, 2003 agus 2014.

COSTAIS

Ní bheidh an tÚdarás freagrach as costas ar bith, lena n-áirítear costais taistil, a bhféadfadh iarthóirí iad a thabhtú maidir lena n-iarthóireacht.

CANBHASÁIL

Dícháileofar iarrthóirí ón gcomórtas mar thoradh ar chanbhasáil.

AGUISÍN 1

Creatlach Inniúlachta do Phríomhoifigeach Cúnta (PC) san Údarás Árachas Sláinte (HIA)

Réamhrá

Tugann an creatlach seo achoimre ar na príomhinniúlachtaí agus táscairí feidhmíochta éifeachtacha a bhíonn ag súil ó Phríomhoifigigh Chúnta laistigh den Údarás Árachas Sláinte (HIA). Tá sé ceaptha chun tacú le hardchaighdeán feidhmíochta, forbairt ghairmiúil, agus soláthar sheirbhís den scoth don phobal.

Táscairí Feidhmíochta Éifeachtacha

1. Bainistiú & Seachadadh Torthaí

- Glacann sé/sí freagracht as tascanna dúshlánacha agus cuireann sé/sí iad i gcrích in am agus ar ardchaighdeán.
- Pleanálann sé/sí agus tugann sé/sí tosaíocht don obair maidir le tábhacht, amscálaí, agus srianta acmhainne, agus athraíonn sé/sí tosaíochtaí de réir mar is gá.
- Cinntíonn sé/sí go bhfuil seirbhís ardchaighdeán agus éifeachtúil lárnach don obair.
- Féachann sé/sí go géar ar shaincheisteanna chun feabhsuithe a shainaithint.
- Tá sé/sí oscailte do smaointe agus do thionscnaimh nua agus do réitigh cruthaitheacha ar fhadhbanna.
- Cinntíonn sé/sí go bhfuil bearta rialála agus feidhmíochta i bhfeidhm chun seirbhísí éifeachtúla agus luachmhara a chur ar fáil.
- Bainistíonn sé/sí tionscadail éagsúla go héifeachtach.

2. Anailís & Cinnteoireacht

- Déanann sé/sí miontaighde ar shaincheisteanna, agus lorgaíonn sé/sí tuairimí uathu siúd timpeall air/uirthi chun an fhaisnéis ar fad atá riachtanach a bhailiú.
- Tuigeann sé/sí saincheisteanna casta go tapa, agus súnn sé/sí isteach sonraí go cruinn agus déanann sé/sí meastóireacht ar na sonraí sin (lena n-áirítear sonraí uimhriúla).
- Comhtháthaíonn sé/sí snáithí éagsúla eolais, agus sainaithníonn sé/sí idirchaidrimh agus ceangail.
- Déanann sé/sí cinntí soiléire, tráthúla agus feasacha ar shaincheisteanna tábhachtacha.
- Measann sé/sí na himpleachtaí níos leithne a bhaineann le cinntí do pháirtithe leasmhara éagsúla.

3. Scileanna Idirphearsanta & Cumarsáide

- Cuireann sé/sí faisnéis i láthair go muiníneach, go stuama agus go háititheach, idir ó bhéal agus i scríbhinn.
- Spreagann sé/sí comhráite oscailte agus fiúntacha ar shaincheisteanna oibre.
- Cuireann sé/sí obair foirne chun cinn laistigh den fheidhm agus oibríonn sé/sí go héifeachtach ar fud ranna/rannóg.
- Coinníonn sé/sí gruaim air/uirthi féin agus bíonn smacht aige/aici agus é/í ag dul i gcion ar dhaoine eile.
- Cothaíonn sé/sí fócas láidir ar sholáthar cáilíochta.
- Forbraíonn sé/sí agus coinníonn sé/sí líonra teagmhálaithe chun réiteach fadhbanna nó roinnt faisnéise a éascú.
- Déanann sé/sí teagmháil go héifeachtach le páirtithe leasmhara éagsúla, lena n-áirítear an pobal, comhghleacaithe, agus piaráí in eagraíochtaí eile.

4. Saineolas, Oilteacht & Féinfhorbairt

- Tá tuiscint shoiléir aige/aici ar chuspóirí an ról agus ar spriocanna an duine féin agus na foirne, agus an ról a bheidh aige/aici in obair na feidhme agus na heagraíochta.
- Tá cuid mhór eolais aige/aici ar shaincheisteanna feidhme agus HIA agus tuigeanann sé/sí tosaíochtaí eagraíochtúla agus polaitiúla níos leithne.
- Deir páirtithe leasmhara ina réimse gur saineolaí é/í.
- Díríonn sé/sí ar fhéinfhorbairt, agus lorgaíonn sé/sí aiseolas agus deiseanna fáis.

5. Ceannaireacht

- Cuireann sé/sí le forbairt na mbeartas agus straitéisí feidhme agus HIA ar bhealach gníomhach.
- Measann sé/sí ar na héifeachtaí níos leithne a bhaineann le torthaí lasmuigh dá réimse láithreach.
- Sonraíonn sé/sí cuspóirí agus sannann sé/sí go héifeachtach, spreagann sé/sí úinéireacht agus freagracht.
- Sainaithníonn agus baineann sé/sí leas as cainéil soláthair seirbhíse nua agus nuálacha.
- Cabhraíonn sé/sí le daoine eile forbairt a dhéanamh trí aiseolas, oiliúint, agus deiseanna chun scileanna a fhorbairt.
- Spreagann agus coinníonn sé/sí ardleibhéil feidhmíochta foirne, agus tugann sé/sí aghaidh ar shaincheisteanna de réir mar a thagann siad chun cinn.
- Treoraíonn sé/sí agus uasmhéadaíonn sé/sí ionchur na foirne.
- Glacann sé/sí seasamh láidir ar shaincheisteanna tábhachtacha.

6. Treallús & Tiomantas

- Tá sé/sí féinspreagtha agus léiríonn sé/sí go bhfuil sé/sí ag iarraidh feidhmiú ar ardleibhéal i gcónaí.
- Tá sé/sí macánta agus iontaofa go pearsanta agus is féidir brath air/uirthi.
- A chinntíonn go bhfuil an saoránach i gcroílár na seirbhísí go léir a chuirtear ar fáil.
- Tugann sé/sí ceannaireacht le dea-shampla, agus cothaíonn sé/sí ardchaighdeán mhacántachta, eitice agus ionracais.